An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Tuairisc ar Chigireacht Leantach

# Naíonra an Droichid
# Béal Feirste

# Dáta na Cigireachta: Samhain 2007

**TUAIRISC AR CHIGIREACHT LEANTACH I NAÍONRA AN DROICHID, BÉAL FEIRSTE, BT7 2EP (1AB-0019)**

Sa chigireacht i Mí na Samhna 2005 tugadh aird ar leith ar na láidreachtaí a bhain le héiteas an ionaid agus leis an idirghníomhú idir an fhoireann agus na páistí agus aimsíodh an gá a bhí le feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- an dóigh a n-eagraítear agus a mbainistítear súgradh amuigh faoin spéir;
- na modhanna measúnaithe; agus
- na socruithe leis na páistí a socrú isteach agus na socruithe taistil.

**San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla an t-athrú seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta:**

- Ceapadh ceannaire nua agus chuaigh sí i mbun dualgas i Lúnasa 2006 agus ceapadh saineolaí nua oideachais luath-óige agus chuaigh sí i mbun dualgas i Meán Fómhair 2006.
- Ceannaíodh acmhainní breise le forbairt a dhéanamh ar an chlár súgartha fhisicigh.
- Tá na baill foirne i ndiaidh freastal ar réimse cuí de chúrsaí oiliúna in uathachas, i bhforbairt teanga agus i gcosaint leanaí. Tá roinnt ball foirne de chuid an naíonra á n-oiliúint fosta le go gcuirfear lena gcuid cáilíochtaí oideachais agus cúraim leanaí.
- Tá an fhoireann i ndiaidh dul i gcomhairle leis na tuismitheoiri agus leasaíodh na socruithe leis na páistí a shocrú isteach.
- Cinntítear anois mar chuid de na socruithe taistil go mbíonn ball foirne i gcuideachta na bpáistí réamhscoile nuair a bhíonn siad ar an bhus. Ní thaistealaíonn páistí réamhscoile feasta in éineacht le páistí atá in aois bunscoile.
- Tá an fhoireann ag cruthú gairdín.
- Rinneadh gach polasaí cothrom le dáta.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna sraith cuairteanna cigireachta ar an ionad mar chuid den phróiseas leantach. Ullmhaíodh an tuairisc seo i ndiaidh na cuairte cigireachta a rinneadh ar 15 Samhain 2007 agus cuirtear sa chuntas inti na cinntí a d’éirigh as an chuairt ar 6 Nollag 2006. De réir chomharthaí na fianaise ón chéad chuairt bhí meath suntasach i ndiaidh teacht ar chaighdeán an tsoláthair oideachais.

**Tá an t-ionad réamhscolaíochta ag déanamh dul chun cinn maith anois agus is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a cuireadh i gcrích ó bhí an chéad chigireacht ann.**

- De bharr na socruithe nua le páistí a shocrú isteach tá bonn níos fearr ar an dóigh a n-aistrítear páistí isteach san ionad réamhscolaíochta. Tuigeann na páistí go soiléir na rialacha agus na gnáthimeachtaí riachtanacha agus tá siad ag éirí níos féinmhuiníní agus níos neamhspleáiche agus ag forbairt a gcuid scileanna sóisialta go héifeachtach.

- Mar gheall ar an leasú a rinne an Naíonra ar na socruithe taistil ar an bhus, cinntítear go mbíonn na páistí á maoirsiú ar bhonn níos fearr agus gur féidir an teagmháil a dhéantar leis na tuismitheoirí a fheabhsú.

- Tá na modhanna measúnaithe ar bhonn níos córasaí agus táthar ag cur tús lena n-úsáid go héifeachtach mar eolas le haghaidh pleanála agus le freastal ar riachtanais an pháiste aonair.

- Bíonn deiseanna níos fearr ag na páistí bheith i mbun súgradh cuí fisiceach taobh istigh agus amuigh faoin spéir. Le linn chuairt na cigireachta bhí na páistí i mbun seisiún sultmhar ceoil agus gluaiseachta a bhí eagraithe go maith. Tá an fhoireann ag obair go dlúth leis an saineolaí oideachais luath-óige lena chinntiú go dtabharfaidh an clár go leor dúshláin do na páistí agus gur leor an dul chun cinn a dhéanfaidh siad ann i rith na bliana.

- Tá na naisc atá á bhforbairt idir an t-ionad agus an tionscadal áitiúil de chuid SureStart ag neartú obair an ionaid mar go mbaintear úsáid as an chlár, Language for Life, agus go gcuirtear tacaíocht ar fáil má tá moill ar theanga pháiste.

**Is iad na réimsí seo a leanas ar gá tuilleadh feabhais a chur orthu:**

- forbairt leanúnach a dhéanamh ar an chlár súgartha fhisicigh; agus

- leanúint de bheith ag daingniú na bhfeabhsúchán ar tugadh aird orthu sa tuairisc seo agus de bheith ag cur leo.

Tá cuid mhór dul chun cinn déanta i mbunús na réimsí a bhí le feabhsú agus a aimsíodh sa chéad chigireacht; tá roinnt mionréimsí a bhfuil feabhsú de dhith go fóill orthu. Tá an t-ionad i ndiaidh tús úsáideach a chur le forbairt próiseas féinmheastóireachta, rud a mbeidh feabhsúcháin ann dá bharr.

Déanfaidh an Cigire Ceantair faireachán ar dhul chun cinn an ionaid sna mionréimsí atá le feabhsú.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk